C/2026/4372

10.8.2026

Fógra le haghaidh an tsoithigh atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1938 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1941 ón gCoimisiún, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

(C/2026/4372)

Dírítear aird an tsoithigh AVAX, atá luaite in Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1938 ([2]) ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1941 ([4]) ón gCoimisiún, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Chinn Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an soitheach sin a chur le liosta na soitheach atá faoi réir na mbeart sriantach.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh an soitheach thuasluaite a áireamh ar liosta na soitheach atá faoi réir bearta sriantacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 agus in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

Tá na cúiseanna leis an soitheach a ainmniú le fáil ag https://press.un.org/en/2026/sc16421.doc.htm.

Féadfaidh an soitheach lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

An Pointe Fócasach um Dhíliostú
Brainse Fho-Orgáin na Comhairle Slándála
Seomra DC2 2034
Na Náisiúin Aontaithe
Nua Eabhrac, N.Y. 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 212 963 1300
R-phost: delisting@un.org

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/delisting/delisting-requests

Aon bharúlacha ba mhian leis an soitheach lena mbaineann a chur faoi bhráid na Comhairle, ba cheart iad a chur chuig an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 206 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/2026-06-16.
([2]) IO L, 2026/1938, 7.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1938/oj.
([3]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/44/2026-06-16.
([4]) IO L, 2026/1941, 7.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1941/oj.

Cuirtear in iúl don soitheach lena mbaineann freisin gur féidir agóid a thabhairt in aghaidh a ainmnithe os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.